Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10929 — GENERALI REAL ESTATE / MUNICH RE / SAXON LAND)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 438/09)

1. An 10 Samhain 2022, fuair an Coimisiún fógra faoi chomhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Generali Real Estate S.P.A. ("GRE"), atá faoi rialú Assicurazioni Generali S.P.A amháin ("Generali", an Iodáil sa dá chás),

— Münchener Rückversicherungs-Gesellschaft Aktiengesellschaft ("Munich Re", an Ghearmáin),

— Saxon Land B.V. ("JV", an Ísiltír).

Gheobhaidh GRE agus Munich Re rialú comhpháirteach ar JV de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Is le ceannach scaireanna atá an comhchruinniú á dhéanamh.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is bainisteoir sócmhainní réadmhaoine é GRE a oibríonn le samhail ghnó chomhtháite a sholáthraíonn raon iomlán na bainistíochta sócmhainní lena n-áirítear seirbhísí bainistithe réadmhaoine agus is san Eoraip a oibríonn sé den chuid is mó. Tá máthairchuideachta dheiridh GRE, Assicurazioni Generali S.P.A., an Iodáil, ag oibriú san earnáil árachais agus airgeadais agus é i mbun gníomhaíochtaí ar fud an domhain.

— Is cuideachta árachais idirnáisiúnta é München Re a chumhdaíonn slabhra luacha iomlán an athatháirachais, na réiteach riosca árachais phríomha agus árachais coimhdeachta, agus a chuireann seirbhísí bainistithe sócmhainní ar fáil chomh maith. Tá Munich Re ag obair ar fud an domhain agus é dírithe go háirithe ar an Eoraip agus ar Mheiriceá Thuaidh.

— Is cuideachta infheistíochta réadmhaoine é JV a bhfuil aon phíosa réadmhaoine ina sheilbh aige, píosa amháin maoine dochorraithe i 120 Fenchurch Street, Londain, an Ríocht Aontaithe, áit a bhfuil foirgneamh 15 urlár ina bhfuil tuairim agus 40 600 méadar cearnach spáis miondíola suite.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin, áfach.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ([2]) ón gComhairle, ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chóireáil faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

(Cás M.10929 — GENERALI REAL ESTATE / MUNICH RE / SAXON LAND)

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta (COMP)
Clárlann na gCumasc (Merger Registry)
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË